# Foclóir

Ba chóir an difear a aithint idir foghlaim focal agus foghlaim an dóigh le focail a fhoghlaim. Moltar béim ar mhodhanna le focail a fhoghlaim seachas liostaí focal a fhoghlaim (Carlo et el., 2005).

Aithnítear ganntanas foclóra mar ghné shuntasach den léitheoireacht i gcás daltaí tumoideachais, rud a imríonn tionchar ar líofacht agus ar thuiscint na léitheoireachta. Bíonn tairseach ann maidir le tuiscint ar fhocail a théann i bhfeidhm ar thuiscint na léitheoireachta. Tá gá sa dara teanga agus do pháistí nach léann go minic as Gaeilge, le téacsanna a fhreastalaíonn ar an riachtanas seo.

**Tá níos mó seans ann go mbeidh páistí in ann focail nua a fhoghlaim sa léitheoireacht má tá an chuid is mó de na focail sa téacs ar eolas acu, agus níos lú seans ann má tá barraíocht focal nua ann.**

## Cad é a chiallaíonn eolas ar fhocail?

Tá eolas ar fhocail ilchineálach. Is féidir focail a bheith ar eolas ó bhéal nó i bhfoirm scríofa nó focail a aithint ach gan a bheith in ann iad a chur in abairt. Is gá leibhéil eolais, leithead agus doimhneacht ar fhocail, a chur san áireamh agus muid ag plé nó ag meas foclóra sa T2 agus le léitheoirí ilteangacha. Má bhíonn focail ar eolas ag leibhéil éagsúla ní gá go mbeadh gach focal sa téacs ar eolas ag leibhéal domhain le tuiscint a fháil ar théacs. Is scil ann féin é na focail a chuireann bac le tuiscint a aimsiú i dtéacs.

## Straitéisí

Méadaíonn an léitheoireacht stór focal an léitheora. Ach ní leor sin amháin. Moltar idirghabháil agus frámaí tacaíochta ilghnéitheacha. Déan cinnte go bhfuil na gnéithe a leanas san áireamh agat sa cheacht agus sa chleachtas léitheoireachta.

- Léitheoireacht leathan.
- Léitheoireacht neamhfhicsin (a chuireann go mór le téarmaíocht agus teanga acadúil).
- Teagasc follasach le ceachtanna ar stráitéisí le focail a fhoghlaim.
- Teagasc thar am (le hathrá agus athchleachtadh ar fhoclóir nua agus le straitéisí).
- Taithí rialta le foclóir atá saibhir agus ilghnéitheach.
- Feasacht ar fhocail a chothú i gcomhthéacs ortagrafaíocht (córas scríofa) na teanga.
- Teagasc na moirféimí sa Ghaeilge. Tá cuid mhór eolais sna moirféimí le séimhiú, urú, iolraí agus tuisil. Léiríonn moirféimí sa Ghaeilge úinéireacht, inscne, aimsir, iolraí agus cineál focal, mar sin, cuidíonn eolas ar na moirféimí le ciall a bhaint as focail. Is féidir aird a dhíriú ar tháthmhíreanna atá minic agus leanúnach.
- Is féidir le foclóir/gluais tacú le focail a chinntiú, ach iad a úsáid le straitéisí eile.

## An straitéis a theagasc

Is féidir go mbeidh páistí in ann focal a dhíchódú ach gan an focal a thuiscint/aithint.

1. **Múnlaigh an straitéis**

- Léigh sliocht os ard.
- Stop ag focal deacair.
- Smaoinigh os ard: Bain úsáid as straitéisí aitheanta focal ar dtús. Ansin cuir ceist 'An bhfaca / chuala mé an focal seo roimhe?'

2. **Mínigh an straitéis**

- An bhfuil leid ann? (m.sh. *an bhfuil deireadh ar leith ann? an aimsir fháistineach?*).
- Mínigh cén uair agus cén fáth a n-úsáidtear í.
- Bain úsáid as an téarmaíocht chéanna go rialta – réimír, iarmhír, iolra, briathar, Cén chuid den abairt é? An ainmfhocal é? An bhfuil rud eile ann a chuidíonn le tuiscint?

3. **Cleachtadh le tacaíocht**

- Léigh téacs le chéile. Tabhair leideanna nuair is gá.
- Iarr ar pháistí focail a aibhsiú nach dtuigeann siad (i mbeirteanna/grúpaí).
- Léigh an téacs arís (agus arís eile). An bhfuil an chiall níos soiléire?

4. **Cleachtadh neamhspleách**

- Léann páistí ina n-aonar.
- Aithníonn siad cén straitéis a d'úsáid siad.
- Is féidir focail nach dtuigeann siad a scríobh/aibhsiú.
- Iarr orthu buille faoi thuairim a dhéanamh sa chomhthéacs, ansin is féidir seiceáil.
- Plé gairid ina dhiaidh: *Cén straitéis a chuidigh leat? Conas? Cén uair a úsáidfidh tú é?*

Le freastal ar **riachtanais éagsúla** sa rang is féidir le páistí díriú ar níos mó/níos lú focal. Is féidir le páistí áirithe díriú ar níos lú focal, iad a fhiosrú go grinn agus a athúsáid don chleachtadh.


## Áiseanna sa rannóg seo

- Focail Nua sa Chaibidil (gréasán) (dubh & bán le priontáil).
- Focail Nua (tábla) (dubh & bán le priontáil).
- Frámaí Focal (le líonadh le heolas ar fhocail) (dubh & bán le priontáil).
- Gréasán Focal 1 & 2 (eolas ar fhocal amháin) (dubh & bán le priontáil).
- Foclóir na Seachtaine (tábla le líonadh) (dubh & bán le priontáil).
- Pirimid Focal (dubh & bán le priontáil).
- Cártaí Focal A5 (daite le gearradh agus le lannú).
- Ceisteanna don Chluiche Iascaireachta/Leathanach Biongó (do na Cártaí Focal).

**Leis na leathanaigh tacaíochta a leanas moltar iarraidh ar na páistí a bhfocail féin a roghnú agus na focail sin a fhiosrú agus a chinntiú iad féin i gcomhthéacs an téacs atá á léamh.**

Ainm ............................................ Rang .........                                    Dáta ...........................

# Focail nua sa chaibidil



Ainm ............................................ Rang ......... Dáta ........................

# Focail nua

*Déan nóta d'fhocail nua sa chaibidil/sliocht seo. Fiosraigh agus cinntigh an chiall. An raibh an ceart agat?*

| **Focal nua** | **Lch.** | **Ciall (mo mheas)** | **Ciall (cinnte)** |
|---|---|---|---|
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |

# Frámaí Focal

| | |
|---|---|
| An focal ______________________<br>Ciall __________________________<br>______________________________<br>Comhchiall ____________________<br>Frithchiall _____________________<br>Fréamh/Réimír/Iarmhír _________<br>______________________________<br>Abairt ________________________<br>______________________________<br>______________________________ | An focal ______________________<br>Ciall __________________________<br>______________________________<br>Comhchiall ____________________<br>Frithchiall _____________________<br>Fréamh/Réimír/Iarmhír _________<br>______________________________<br>Abairt ________________________<br>______________________________<br>______________________________ |
| An focal ______________________<br>Ciall __________________________<br>______________________________<br>Comhchiall ____________________<br>Frithchiall _____________________<br>Fréamh/Réimír/Iarmhír _________<br>______________________________<br>Abairt ________________________<br>______________________________ | An focal ______________________<br>Ciall __________________________<br>______________________________<br>Comhchiall ____________________<br>Frithchiall _____________________<br>Fréamh/Réimír/Iarmhír _________<br>______________________________<br>Abairt ________________________<br>______________________________ |
| An focal ______________________<br>Ciall __________________________<br>______________________________<br>Comhchiall ____________________<br>Frithchiall _____________________<br>Fréamh/Réimír/Iarmhír _________<br>______________________________<br>Abairt ________________________<br>______________________________<br>______________________________ | An focal ______________________<br>Ciall __________________________<br>______________________________<br>Comhchiall ____________________<br>Frithchiall _____________________<br>Fréamh/Réimír/Iarmhír _________<br>______________________________<br>Abairt ________________________<br>______________________________<br>______________________________ |

Ainm ............................................ Rang ......... Dáta ............................

# Gréasán Focal: 1

Cá bhfuil sé?

............................................

............................................

............................................

Cad a dhéanann sé?

............................................

............................................

............................................

Cén chuma/blas/ mothú/boladh atá air?

............................................

............................................

............................................

Focal

..................................

Tabhair focal eile air? (comhchiall)

............................................

............................................

Cén uair a tharlaíonn sé?

............................................

............................................

............................................

Cad é frithchiall an fhocail?

.....................................................

.....................................................

Nótaí eile/Scríobh abairt leis:

___________________________________________________________________________

___________________________________________________________________________

Ainm ............................................ Rang .............. Dáta ....................

# Gréasán Focal: 2

Bain úsáid as leideanna sa téacs. Tabhair buille faoi thuairim ar chiall an fhocail.

…………………………………………

…………………………………………

…………………………………………

Cén chuid den teanga é? (ainmfhocal, briathar, aidiacht)

……………………………………………

……………………………………………

Scríobh réimír, iarmhír nó codanna den fhocal?

…………………………………………

…………………………………………

…………………………………………

Focal

……………………………

Cad a léiríonn na réimíreanna, iarmhíreanna nó codanna?

……………………………………………

……………………………………………

……………………………………………

Scríobh ciall an fhocail. (bain úsáid as foclóir)

……………………………………………………

……………………………………………………

……………………………………………………

Scríobh comhchiall agus frithchiall an fhocail?

…………………………………………

…………………………………………

Nótaí eile/Scríobh abairt leis

______________________________________________

______________________________________________

Ainm ............................................ Rang .............. Dáta ...............

# Foclóir na seachtaine

| Focal | Ciall | Abairt | Cur síos |
|---|---|---|---|
| Cén chuma atá air?<br>An spreagann sé pictiúr? | Cén chiall atá leis?<br>An bhfuil ciall eile leis? | Scríobh abairt leis.<br>An athraíonn sé? | Cén chuid den teanga?<br>An bhfuil codanna ann? |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |

Ainm ............................................ Rang .................... Dáta ..............

# Pirimid Focal

Scríobh ainm carachtair _______________________

Scríobh dhá aidiacht a dhéanann cur síos ar charachtar ______________ ________________

Scríobh trí aidiacht a dhéanann cur síos ar an áit _______________ _______________ ______________

Scríobh ceithre ainmfhocal atá san áit seo _____________ ____________ ______________ _________________

Scríobh cúig fhocal a léiríonn bua atá ag carachtar _________ __________ _________ ________ ________ ______

Scríobh sé fhocal a mhíníonn fadhb atá ann ________ _________ _________ ________ ________ ________ ________

# Do Rogha Focal 1

Scríobh liosta focal ó do leabhar nach raibh ar eolas agat roimhe.
Aimsigh an t-eolas seo faoi gach focal ar do liosta.

1. Cén chuid den teanga é? (m.sh. briathar, ainmfhocal, aidiacht)
2. Cén chiall atá leis?
3. Tabhair focal eile a bhfuil an chiall sin leis.
4. Scríobh abairt leis.




---

# Do Rogha Focal 2

Scríobh liosta focal ón téacs nach raibh ar eolas agat roimhe.
Aimsigh an t-eolas seo faoi gach focal ar do liosta.

1. Cén chuid den teanga? (m.sh. briathar, ainmfhocal, aidiacht)
2. Cén chiall atá leis?
3. Tabhair focal eile a bhfuil an chiall sin leis (comhchiall).
4. Scríobh frithchiall an fhocail.
5. Scríobh abairt leis.
6. Aimsigh fréamh, réimir nó iarmhír atá ann.
7. An athraíonn an focal seo i gcomhthéacsanna eile? Scríobh samplaí.



## Oibrigh amach é!



Le páirtí nó leat féin.

- Léigh caibidil nó sliocht i do leabhar.
- Aimsigh focail nua agus scríobh gach ceann ar Post-it.
- Cuir na ceisteanna seo ort féin le buille faoi thuairim a thabhairt:

1. An bhfuil focail eile ann a chuidíonn liom?
2. An bhfuil an focal mínithe sa téacs?
3. An dtugann an téacs eolas eile dom?
4. Scríobh na buillí faoi thuairim ar an Post-it.
5. Pléigh le do ghrúpa/mhúinteoir iad.

---

## Gréasán Focal

Déan gréasán, nó bain úsáid as **Gréasan Focal**.


Cuir an focal nua sa lár.

Aimsigh an t-eolas eile a bhaineann le d’fhocal agus líon isteach é.

- Ciall an fhocail
- Comhchiall agus frithchiall
- Codanna an fhocail
- Scríobh abairt leis



# Cluiche Foclóra



Comórtas ranga do ghrúpaí.

- Socraigh tréimhse ama don chomórtas.
- Sna grúpaí aimsigí ciall focal san fhoclóir agus scríobh in bhur bhfocail féin iad.
- Bíonn an bua ag grúpa leis an líon is mó focal le míniú agus an tréimhse ama istigh.

---

# Bain Úsáid as na Focail!



- Éist go cúramach d'fhocail na seachtaine i gcomhthéacsanna difriúla.
- Gach uair a deir duine an focal scríobh síos é san abairt ina raibh sé.
- Déan cuntas ar gach uair a chuala tú an focal sin i rith na seachtaine.
- Tabhair pointí do …
  1. **Pointe amháin**: chonaic tú/chuala tú an focal sa chaint/scríofa/eile.
  2. **Dhá phointe**: Úsáideann tú féin an focal sa chaint (chuala cara é).
  3. **Trí phointe**: Úsáideann tú an focal sa scríbhneoireacht.

Bíonn an bua ag grúpa leis na pointí is mó ag deireadh seachtaine.

# Foclóir Pearsanta



- Déan foclóir leis na focail nua atá agat.
- Is féidir é a dhéanamh in **ord aibítre**, in **ord ábhair**, **de réir téamaí**, **don úsáid**.
- Scríobh ciall gach focail i d'fhocail féin.
  *Is féidir abairtí a scríobh leis na focail.*
  *Is féidir é a dhéanamh go haonteangach nó go dátheangach.*
  *Is féidir comhchiall agus frithchiall a chur ann.*

-------------------------------------------

# Léarscáil Léitheoireachta

- Le húsáid le leabhar neamhfhicsin.
- Cláraigh focail/frásaí ar ábhar an leabhair roimh léamh, agus tú ag léamh agus an leabhar léite.
- An spreagann na focail nó frásaí seo focail nó frásaí eile atá agat?
- Cuir na focail agus na frásaí ar fad i **gcatagóirí**: (bia, aimsir, aidiachtaí)
- Pléigh na **catagóirí** le do ghrúpa.
- Le do ghrúpa cuir an t-eolas ar fad sna **catagóirí** ar léarscáil mhór. Is féidir oileán a dhéanamh do gach catagóir.
- Is féidir cur leis agus sibh ag léamh agus ag plé.



## Saineolaithe Focal

- I do ghrúpa, roghnaigh idir 2-5 focal an duine ón leabhar (focail dhifriúla do gach duine).
- Líon isteach cárta do gach focal ag úsáid na **Frámaí Focal**.
- Foghlaim na focail go maith.
- I mbeirteanna, teagasc na focail do pháirtí. Tabhair an cárta dó/di.
- Ansin foghlaim focail do pháirtí.
- Beidh seal ag gach dalta focail a theagasc agus focail a fhoghlaim.



---

## Biongó Foclóra

- Bain úsáid as na cláir **Clár Biongó**, déan fótachóipeanna.
- Roghnaigh 20 focal don chluiche.
- Líon isteach 15 focal an duine ar chlár biongó, ní bheidh na focail chéanna ar gach clár.
- Roghnaigh fear/bean an tí don ghrúpa.
- Déanfaidh fear/bean an tí cur síos ar fhocal, gan an focal a rá.
- Abair an focal má tá a fhios agat é. Má tá sé agat, clúdaigh é.
- Beidh an bua ag an duine a chlúdaíonn gach focal.

## Focal ar Fhocal




- Roimh léamh, scríobhann an múinteoir focail nua ó leabhar ar chártaí, ceann ar cheann.
- Tugann an múinteoir na cártaí amach do na daltaí sa ghrúpa.
- Gach uair a léitear an focal sin, caithfidh an dalta an cárta a thógáil in airde.


---

## Balla Focal

- Déan balla foclóra do gach grúpa.
- Cuireann na daltaí a gcuid focal ar bhalla na seachtaine sin.
- Cuir na focail i mbosca ag bun an bhalla nuair a bheidh na focail ar eolas agus cuir focail nua in airde.
- Is féidir focail nua a léitear a chur suas chomh maith i rith na seachtaine.




## Teileafón



- Imir an cluiche seo le do ghrúpa.
- Deir an chéad duine focal nua agus a chiall i gcluas an chéad duine eile.
- Deir an dara duine an focal agus an chiall chéanna i gcluas an tríú duine.
- Leantar ar aghaidh go dtí go gcloiseann gach duine an focal agus an chiall.
- Scríobhann gach duine an rud a chuala siad síos.
- Cé chomh fada ón ráiteas ar dtús atá an ráiteas deireanach?

---

## Cur i gCuimhne



Cluiche do bheirt.

- Roghnaigh 10 focal an duine.
- Taispeáin do liosta do chara, lig di/dó am a chaitheamh ag cuimhneamh air.
- Tiontaigh an liosta.
- Iarr ar do chara na focail a rá.
- Cad iad na focail a fuair sé/sí.
- Bíonn an bua ag an duine a chuimhníonn ar an líon is mó focal.

# Iascaireacht

Cluiche do thriúr ar a laghad.

- Bain úsáid as 52 focal ar chártaí (focail na seachtaine & dul siar ar fhocail eile).
- Tógann gach imreoir 5 chárta.
- Cuir an chuid eile de na cártaí i gcarnán sa lár.
- Bain úsáid as na ceisteanna **Ceisteanna don Chluiche Iascaireachta**.
- Tógann an chéad duine ceist.
- Má tá focal ag na himreoirí a fhreagraíonn an cheist cuirtear síos é.
- Mura bhfuil focal ag imreoir(í) caithfidh sé/sí dul ag iascaireacht agus cárta a thógáil ón lár.

Bíonn an bua ag an duine leis an líon is lú cártaí nuair a bhíonn an t-am istigh.

---

# Focalchuardach



- Ag úsáid focal amháin ag am amháin.
- Cuardaigh samplaí eile den fhocal sin i leabhair/nuachtáin/ar líne.
- Déan tábla. Cláraigh agus cuntas gach uair a fheiceann tú an focal sin.
- An athraíonn an focal?
- Bíonn an bua ag an duine a fheiceann an focal is minice.

# Ceisteanna don Chluiche Iascaireachta

| | | |
|---|---|---|
| An bhfuil aidiacht agat? | An bhfuil briathar agat? | An bhfuil ainmfhocal agat? |
| An bhfuil focal agat le réimír? | An bhfuil focal agat le hiarmhír? | An bhfuil comhfhocal agat? |
| An bhfuil focal agat a chríochnaíonn ar dheireadh caol? | An bhfuil focal agat a chríochnaíonn ar dheireadh leathan? | An bhfuil focal agat a bhfuil an t-iolra –(a)í air? |
| An bhfuil focal agat a bhfuil an t-iolra –(e)anna air? | An bhfuil dhá fhocal agat ar chomhchiall? *(cuir síos an dá chárta)* | An bhfuil dhá fhocal agat ar fhrithchiall? *(cuir síos an dá chárta)* |
| An bhfuil focal tríshiollach agat? | An bhfuil focal agat a léiríonn am? | An bhfuil focal agat a léiríonn áit? |

# Clár Biongó

| | | |
|---|---|---|
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |